



Ceapachán ar Bhord TG4

Dáta Dúnta: 15:00 ar an 11 Lúnasa 2017

**Rannóg na mBord Stáit
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
Áras na Caibidle, 26 - 30 Sráid na Mainistreach Uachtarach, Baile Átha Cliath 1**

Uimhir Theileafóin: 353 1 858 7441

Ríomhphost: info@stateboards.ie

Oibríonn stateboards.ie faoi choimirce na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí agus tá siad tiomanta do bheartas comhdheiseanna.

Bunaíodh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (PAS) faoi reachtaíocht sa bhliain 2004 agus soláthraíonn siad seirbhís chomhroinnte neamhspleách earcaíochta, measúnaithe agus roghnaithe d'eagraíochtaí sa tSeirbhís Phoiblí agus sa Státseirbhís. Ar an 30 Meán Fómhair 2014 shocraigh an Rialtas gur chóir freagracht a thabhairt dóibh fosta córas oscailte, inrochtana, dian agus trédhearcach a chur i bhfeidhm mar thacaíocht d'Airí chun ceapacháin a dhéanamh ar Bhoird Stáit. Úsáidimid ár suíomh gréasáin ar leith, www.stateboards.ie, chun folúntais a fhógairt ar Bhoird Stáit. Is mar seo freisin a dhéanann daoine cumasacha, a bhfuil taithí acu agus atá cáilithe agus gur féidir nár aithníodh go raibh siad ar fáil roimhe seo, iarratas ar fholúntais áirithe.

Ballraíocht de Bhord Stáit

Ní mór ardchaighdeán i rialachas corparáideach, san earnáil thráchtála nó neamh-thráchtála, a bheith i bhfeidhm i ngach Gníomhaireacht Stáit lena chinntiú go gcuirtear go dearfach le forbairt iomlán shóisialta agus eacnamaíoch an Stáit.

Ceaptar Baill de Bhoird Stáit le gníomhú ar son an tSaoránaigh chun súil a choinneáil ar réachtáil ghnóthaí bhoird stáit. Ní mór do chomhlachtaí stáit freastal ar leas an íocóra cánach, luach ar airgead a bhaint amach ina gcuid oibre (lena n-áirítear riosca a bhainistiú i gceart), agus feidhmiú go trédhearcach mar chomhlachtaí poiblí. Tá Baill de Bhoird Stáit agus an fhoireann bhainistíochta chuí freagrach as an eagraíocht a bhainistiú i gceart.

Ba chóir do bhaill de bhoird gníomhú agus an t-eolas ar fad acu, go hionraic, le díograis agus go cúramach, agus ar son leas an fhorais Stáit, de réir na spriocanna atá leagtha amach ag an Rialtas. Sa mhéid sin agus de réir 13.2 de Threoirlínte faoi Cheapacháin ar Bhoird Stáit, “moltar nár chóir do bhall ar bith de Bhord Stáit feidhmiú ar Bhord Stáit níos mó ná dhá théarma iomlán ceapacháin nó nár chóir dó/dí a bheith ceaptha ar níos mó ná dhá Bhord Stáit.

Tugann an [Cód Cleachtais um Rialú Bhoird Stáit](#) creat chun dea-chleachtas i rialachas corparáideach a chur i bhfeidhm i gcomhlachtaí tráchtála agus neamh-thráchtála Stáit.

Chun cur go héifeachtach le Bord Stáit moltar na nithe seo do bhaill;

- maoirseacht a dhéanamh ar an eagraíocht trí scrúdú neamhspleách agus neamhchlaonta;
- a bheith dian nuair is gá agus ag an am céanna, tacaíocht a thabhairt maidir le straitéis agus spriocanna a bhaint amach;
- a bheith in ann comhairle mhaith a thabhairt atá bunaithe ar bhreithiúnas stuama agus ar thaithí;
- a bheith toilteanach am a chaitheamh ag an obair de réir a róil.

Ceapachán ar Bhord TG4

Láthair:	Gaillimh
Líon na bhFolúntas:	3 fholúntas
Íocaíocht:	Táillí Boird: €12,600

Taisteal agus Cothú le híoc de réir rátaí na Státseirbhíse.
(Ba chóir fios a bheith agat go bhfuil an prionsabal ‘Duine Amháin Tuarastal Amháin’ i bhfeidhm, ní bheidh seirbhíseach poiblí ar bith i dteideal íocaíochta mar tháillí boird, seachas i gcásanna faoi reachtaíocht m.sh. Oibrí is Stiúrthóir)

Riachtanais Ama: 7-7 gcruinniú sa bhliain, de ghnáth maireann cruinniú leath lá, agus tá am sa bhreis riachtanach roimh ré le hábhar a léamh mar ullmhúchán.

Dírítear aire na n-iarrthóirí ar fhorálacha an Chóid i dtaca le ballraíocht ar Choiste Iniúchta agus Riosca atá ar fáil [anseo](#).

1. Cúlra

Is í Teilifís na Gaeilge an tseirbhís náisiúnta teilifíse Ghaeilge, craoltóir seirbhíse poiblí, atá i gceannas ar na cainéil theilifíse Ghaeilge TG4 agus Cúla 4 a reáchtáil. Bunaíodh an Chorparáid trí reachtaíocht ar an 1 Aibreán 2007 chun an stáisiún teilifíse TG4, a reáchtáil Raidió Teilifís Éireann go dtí seo, a reáchtáil go neamhspleách.

Bunaíodh Teilifís na Gaeilge faoin [Acht Craolacháin 2009](#) a leagann amach sonraí an dlí a bhaineann leis an chorparáid, lena n-áirítear dualgais agus freagrachtaí an bhoird agus an chathaoirleach. Tá an tuarascáil bhliantúil ar fáil [anseo](#). Tá tuilleadh eolais ar fáil ar a [suíomh gréasáin](#)

2. Feidhmeanna an Bhoird

Léiríonn Alt 87 den [Acht Craolacháin 2009](#) na dualgais a theastaíonn ó Bhaill de Bhord mar seo a leanas:

- A chinntiú go ndéantar gníomhaíochtaí na corparáide go héifeachtach agus go héifeachtúil chun a spriocanna a bhaint amach mar atá leagtha amach sa reachtaíocht chuí.
- Leas an lucht féachana agus na n-éisteoirí a chur chun cinn,
- A chinntiú go mbailíonn agus go gcuireann an chorparáid nuacht agus gnóthaí reatha i láthair go cruinn agus go neamhchlaonta agus go gcinntítear neamhspleáchas na corparáide i dtaca le coincheap, ábhar agus táirgeadh na gclár, eagarthóireacht agus cur i láthair na nuachta agus de chláir gnóthaí reatha agus sainmhíniú sceideal na gclár ó thionchar ón Stát, ó chúrsaí polaitíochta agus tráchtála.

Tá trí fho-choiste ar an Bhord.

- Coiste Iniúchta
- Coiste Luach Saothair
- Coiste Digiteach

3. **Sonraí an Duine**

Is mian leis an Aire Cumarsáide, Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaoil triúr iarrthóir atá fóirsteanach agus cáilithe a cheapadh ar Bhord TG4.

Sonraíonn Alt 81 (3) den Acht Craolacháin 2009 “**Ní bheidh níos lú ná 5 fear ina mbaill de bhord corparáide agus ní bheidh níos lú na 5 ban ina mbaill fosta**”.

Dírítear aire an iarrthóra ar fhorálacha an Chóid maidir le ról bhall an Bhoird, ina sonraíonn na prionsabail:

- Beidh Bord éifeachtach i gceannas ar gach Bord Stáit atá freagrach mar ghrúpa as inbhuanaitheacht an chomhlachta amach anseo.
- Ba chóir do bhaill neamh-fheidhmiúcháin an Bhoird breithiúnas neamhspleách a thabhairt i dtaca le straitéis, feidhmiúchán, acmhainní, ceapacháin thábhachtacha agus caighdeán iompair.

Tá sonraí faoi ról Bhaill an Bhoird ar fáil in Alt 3 den Chód atá ar fáil [anseo](#)

Ní mór d'iarrthóirí na nithe seo a bheith acu chun go bpléifear iad do cheapachán.

Teanga

Ní mór Gaeilge líofa scríofa agus labhartha a bheith ag iarrthóirí mar gurab í an Ghaeilge teanga oibre an bhoird agus den chomhlacht i gcoitinne

Taithí

Taithí shuntasach i réimse amháin ar a laghad díobh seo: -

- Eolas faoi/baint le Spórt, go háirithe CLG a mbeadh baint aige le maoirseacht den chraoltóir seirbhísí poiblí.
- Eolas agus taithí ar Rialachas Corparáideach Airgeadais, lena n-áirítear taithí ar Iniúchadh Bheadh sé ina bhuntáiste taithí a bheith agat ar choiste iniúchta.
- Eolas agus taithí tionscail ar tháirgeadh neamhspleách.

Bheadh sé ina bhuntáiste taithí shuntasach a bheith agat nó cumas léirithe ar cheann de na réimsí seo, a bhaineann le maoirseacht ar chraoltóir seirbhíse poiblí:

Gnóthaí na Meán, Craoladh Seirbhíse Poiblí, Ábhar Craolacháin a Tháirgeadh, Teicneolaíochtaí na Meán Digiteach, Gnóthaí Ceardchumainn, Gnóthaí Gnó agus Tráchtála, Forbairt na Gaeilge, Nithe a bhaineann le Míchumas, Cultúr, Eolaíocht agus Teicneolaíocht, Gnóthaí Timpeallachta, Gnóthaí Dí agus Rialála, agus Gnóthaí Sóisialta nó Pobail Gaeltachta.

Féach san [Acht Craolacháin 2009](#) chun eolas a fháil faoi chosc ar bhallaíocht ar bhord.

4. Téarma Ceapacháin

Faoin Acht beidh téarma ceapacháin oireadh agus 5 bliana i gceist sa cheapachán agus beidh rogha ann an téarma sa phost a shíneadh don dara téarma de réir na dtéarmaí seo:

- Is féidir leis an Aire ballraíocht bhall de Bhord a stad am ar bith ar chúiseanna a thabharfaidh an tAire.
- Is féidir le ball de Bhord éirí as a bheith ina b(h)all de Bhord má thugann sé/sí fógra scríofa don Aire (a chur chuig nó a thabhairt don Aire) agus beidh an t-éirí as i bhfeidhm ar an lá a fhaigheann an tAire an fógra.
- Beidh baill de Bhoird de réir fhorálacha an Sceidil seo, in oifig de réir théarmaí agus choinníollacha a shocróidh an tAire ó am go ham, le cead ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
- Tá cur síos ar ról agus ar fhreagrachtaí Bhail na mBord sa [Chód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit 2016](#) atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Airgeadais,
- Ní bheidh ball de bhord ina bhall níos mó má ainmnítear é/í mar bhall de Sheanad Éireann, má roghnaítear é/í i gceachtar de Thithe an Oireachtais nó gur ionadaí é/í i bParlaimint na hEorpa, má roghnaítear é/í chuig Parlaimint na hEorpa nó má tá sé/sí ina bhall d'údarás áitiúil.

5. Léiriú Spéise a Chur faoi Bhráid

Sula gcuireann tú isteach léiriú spéise, féach arís ar an ceistneoir féinmheasúnaithe atá ar fáil [anseo](#). Tá an ceistneoir ann le cuidiú leat ar chóir duit léiriú spéise a chur isteach - níl sé riachtanach an ceistneoir a chur isteach mar chuid den phróiseas iarratais.

Nuair a scrúdaíonn tú na critéir faoi oiriúnacht do bhallaíocht ar Bhord Stáit, ba chóir duit smaoineamh go cúramach faoi do chúlra agus do thaithí agus conas atá sin in oiriúint do na critéir ar leith do cheapachán mar atá leagtha amach i Sonraí an Duine sa leabhrán seo. Bí cúramach ar eagla go mbeadh coinbhleacht leasa ann dá gceapfaí thú ar an bhord seo.

Ba chóir d'iarratas a chur isteach tríd an nasc seo www.stateboards.ie chomh maith le **Curriculum Vitae** agus **litir iarratais** (féach ar Aguisín 1 sa leabhrán seo chun cuidiú a fháil faoin phróiseas ar líne).

FÓGRA TÁBHACHTACH

Bí cúramach agus tú ag cur isteach do léiriú spéise. De ghnáth déanfaidh an Painéal Measúnaithe moladh(taí) atá bunaithe ar na doiciméid a chuireann tú isteach agus dá bhrí sin nó mór duit na nithe seo a dhéanamh:

1. *Bí cinnte go sonraíonn do Litir Iarratais (agus do CV) go soiléir conas a chomhlíonann do chúlra agus do thaithí na riachtanais d'ionad ar Bhord mar atá leagtha amach sa leabhrán seo, agus*
2. *Go dtugann tú freagra iomlán ar aon cheist sa bhreis a thugtar duit mar chuid den phróiseas iarratais ar líne.*

Beidh seo ina chuidiú don Phainéal Measúnaithe lena chinntiú go bhfuil an oiread eolais agus is féidir acu faoi chúis d'iarratais agus cén fáth a gceapann tú gur duine thú a d'fhéadfaí a cheapadh ar Bhord Stáit.

Má tá aon cheist agat faoin phróiseas iarratais cuir ríomhphost chuig info@stateboards.ie.

6. Próiseas Measúnaithe

Baileoidh PAS an Painéal Measúnaithe (an "Painéal") le chéile chun na léirithe spéise a fuair PAS a scrúdú agus a mheas. Déanfaidh an Painéal na rudaí seo:

- athbhreithniú agus plé ar na léirithe spéise a fuarthas i gcomparáid leis na critéir ar leith do cheapachán sa ról, mar a fógraíodh sa Leabhrán Eolais seo;
- iarrthóirí a léiríonn a n-oiriúnacht go háirithe a mheas arís nuair a chomhlíonann siad critéir ar leith do cheapachán trí chéim amháin nó na céimeanna seo ar fad a chomhlíonadh;
 - An t-iarratas scríofa a mheas; agus/nó
 - Cruinniú/ glaoch comhdhála; agus/nó
 - Seiceáil le moltóirí; agus/nó
 - Aon mhodh roghnaithe nó deimhnithe eile a cheaptar atá fóirsteanach (lena n-áirítear go lorgóidh PAS deimhniú reachtúil ó iarrthóirí ar ghearrliosta maidir le fírinne na gcáilíochtaí agus na taithí a luaitear ina n-iarratais).
- gearrliosta a dhéanamh d'iarrthóirí fóirsteanacha agus é a chur ar aghaidh chuig an Aire lena mheas.

Ní bheidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí freagrach as aon chostas a chuireann iarrthóir air/uirthi féin le linn an phróisis iarratais.

7. Rúndacht

Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014, déileálfar le hiarratais faoi rún daingean. Is féidir leat a bheith cinnte go bpléitear le gach fiosrúchán, iarratas agus gach gné de na himeachtaí le hardrúndacht agus nach dtugtar aon eolas d'éinne taobh amuigh díobh siúd a bhfuil baint dhíreach acu leis an ghné sin den phróiseas.

Baintear míreanna áirithe eolais, nach mbaineann le duine faoi leith ar bith, as cuntais ríomhaire ar chúiseanna ginearálta staidrimh.

8. Na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003

Má chuirtear d'ainm ar aghaidh chuig an Aire le meas, bí ar an eolas go gcuirfear do litir iarratais agus do churriculum vitae ar aghaidh chuig Oifigeach Teagmhála na mBoird Stáit sa rannóg chúí agus is féidir iad a choinneáil oiread agus bliain amháin.

Tá tuilleadh eolais faoi Chosaint Sonraí ar fáil ag an nasc [seo](#):

AGUISÍN 1

Léiriú Spéise a chur faoi bhráid

Chun d'iarratas a chur faoi bhráid, ba chóir duit na rudaí seo a dhéanamh:

1. Téigh chuig www.stateboards.ie.
2. Ar an bharr ag barr an leathanaigh cliceáil ar "Ceapacháin atá ar Fáil".
3. Tógfaidh seo thú chuig an leathanach ina bhfuil na folúntais ar fad ar fáil. Roghnaigh an post gur mian leat iarratas a dhéanamh air (is féidir leat iarratas a dhéanamh ar níos mó ná post amháin más mian leat).
4. Chun iarratas a dhéanamh, cliceáil ar an chnaipe "Déan iarratas ar an bpost" cóngarach do bhun an leathanaigh.
5. Tógfaidh sin thú chuig leathanach ar www.publicjobs.ie agus má tá cuntas agat i publicjobs.ie cheana, iarrfar ort d'ainm úsáideora agus do phasfhocal a chur isteach. Mura bhfuil cuntas agat iarrfar ort ceann a chruthú.
6. Nuair a chuireann tú do shonraí isteach, tógfar chuig leathanach thú ina bhfuil leid ina lár a deir "déan iarratas anseo". Cliceáil ar an nasc chuig an fhoirm iarratais ar líne in aice leis.
7. Beidh foirm ar an scáileán, beidh cuid de na boscaí téacs líonta le heolas ó do phróifíl ar publicjobs.ie (Ainm, seoladh srl.). Beidh ort na réimsí eile a líonadh agus d'ainm agus an dáta a chur isteach ag bun na foirme. Cliceáil ar "lean ort".
8. Beidh scáileán os do chomhair ansin agus ba chóir duit do CV agus do Litir Iarratais a lódáil suas. Tá na doiciméid seo riachtanach agus ní féidir d'iarratas a phróiseáil gan iad. Nuair atá siad seo roghnaithe agus lódáilte suas agat, cliceáil ar an chnaipe "cuir faoi bhráid" ag bun an leathanaigh.
9. Gheobhaidh tú deimhniú i ríomhphost (chuig an seoladh sa liosta i do phróifíl ar publicjobs.ie) lena dheimhniú gur cuireadh d'iarratas faoi bhráid.

Ní mór duit a dheimhniú nach bhfuil aon choinbhleacht leasa nó bac dlí ort a d'fhéadfadh cur as do do chumas páirt iomlán a ghlacadh ar an Bhord. Ní mór duit a dheimhniú go mbeidh tú ar fáil do chruinnithe agus dualgais mar bhall de Bhord a chomhlíonadh.